

# Eagarfhocal

Séamas Ó Neachtain

An té nach gcreidfeadh i nDia, is amhlaidh go gcreidfeadh sé i rud ar bith (“A man who won’t believe in God will believe in anything”) - G.K.

*Chesterton*. Nó sin an cháil atá ar an ráiteas sin. Mar a tharlaíonn, níl aon fhianaise ann gur scríobh Chesterton é in áit ar bith. Má dúirt, níl aon tuairisc againn de. Ach tá a fhios ag gach éinne, mar sin féin, go ndúirt.



Seans go bhfaca tú an clár teilifíse *Mise Raiftearaí - an Fiodóir Focal* a rinne Sónta Teo. agus Tadhg Mac Dhonnagáin. Bhí mé féin sa chlár, agus léigh mé an dán *Mise Raiftearaí*, a chéad thánaig chun solais i leathanaigh na hirise seo. Sin é an dán is cáiliúla de chuid Raiftearaí, cheaptar. Ach maítear sa chlár seo nár scríobh Raiftearaí é in aon chor, mar ní raibh tásc ná tuairisc air in Éirinn sula bhfuair Dubhghlas de hÍde ó *An Gael* é. Ar scríobh Raiftearaí é? Ní fheadar. Ach is iomaí scoláire a deir nár scríobh. Cé go bhfuil a fhios ag gach Éireannach (eile) gur scríobh.

Ní mar a shíltear a bhítear, sách minic, gan dabht. Ach ní féidir le duine maireachtáil gan creideamh a chur i gcoincheapa agus i bhfíricí an tsaoil. Agus pé rud a deirtear, ní leor fíricí. Creideann gach duine a thaistilíonn trasna droichid go seasfaidh an droichead sin fúthu. Ach ní bhíonn cruthúnas ann gurb amhlaidh. Titeann droichid uaireanta. Chun aon rud a dhéanamh sa saol seo, ní mór dúinn rudaí a ghlacadh nach bhfuilimid ábalta iad a chruthú. Seans gur chuala tú trácht ar theoirimí Gödel. Tá leabhar iontach ann dar teidil *Gödel, Escher, Bach*, le Douglas R. Hofstadter, a mhíniíonn go maith an coincheap de cheol, ealaíon agus loighic/matamaitice athchúrsach. Dúirt Gödel rud cosúil leis seo: níl sé indéanta gach rud faoi

na huimhreacha a mhíniú trí mheáin na n-uimhreacha féin. Bíonn gá le smaoineamh lasmuigh den chóras.

Tá Dia lasmuigh den chóras daonna. Is iomaí rud a chreidtear faoi. Minic go leor, bímid trína chéile. Tá traidisiúin ársa ann, go háirithe in Éirinn. San Eaglais Chríostaí, tá easaontas agus míthuiscint agus droch-mhúineadh ann ón dtosach, mar is léir ó litreacha Naomh Póil ar aghaidh. Bhí fadhbanna ag Naomh Pádraig mar gheall ar mhíthuiscintí idir é féin agus Corotocus agus Críostaithe eile. Nó an bhfuil Palladius i gceist? Creideann daoine áirithe go bhfuil mórán a deirtear faoi Phádraig fíor faoi Phalladius seachas faoi Phádraig féin (easpaig a bhí in Éirinn roimh Phádraig ab ea Palladius). Bíonn an Eaglais (cé acu lena nglacann tú, má ghlacann in aon chor) á féincheartú agus á feabhsú maidir le cruinneas agus tuiscint i gcónaí. Téann daoine ar strae, ach minic go leor, cuirtear ar bhóthair a leasa iad ina dhiaidh. Sin ráite, is iomaí duine a thiteann sna díoga. Ní bheidh an jab críochnaithe go lá an bhrátha.

Lasmuigh de chúrsaí diaga, is rí-mhínic nach mbíonn daoine ar aon intinn maidir le cúrsaí an tsaoil. Fiafraigh de dhuine ar bith cad a tharla i ndiaidh eachtra, agus seans go bhfaighidh tú

scéal difriúil ó gach duine eile a bhí i láthair. Agus chomh fada siar agus a théann an eachtra sin sa stair, is amhlaidh go mbíonn na scéalta sin níos difriúla óna chéile. “Cad is fírinne ann?” a d’fhiafraigh Píoláit d’Íosa. Níor mhínigh Íosa do ach dúirt gurb eisean an fhírinne. Creidimid i ngach aon rud, agus ní thuigimid mórán. Má tá creideamh agat in Íosa, tá tuiscint áirithe agat ar an saol, leis.

Is iomaí duine a dhiúltaíonn an tuiscint seo sa lá atá inniu ann. Sin mar a bhíonn, dar ndóigh. Tá mórchreidimh eile ann, dar ndóigh. Creideann roinnt daoine i saolta eile agus go bhfuil an chruinne buan, á athchúrsáil féin go deo. Creideann daoine eile nach bhfuil aon fhírinne ann ach fírinne an duine aonar, agus nach ionann sin agus fírinne aon duine eile. Macallaí de theoirim Gödel atá ann, dar liom. Bíonn a chiall féin ag gach duine, ach ní fheictear i gcónaí é mar chiall, ón taobh amuigh.

Déanaimid ár ndícheall chun ciall a dhéanamh den saol mar a thuigimid é. Ní bhímid sásta gan é a athscrúdú is a ath-chíoradh arís is arís eile. Is maith linn freagraí, go háirithe freagraí cinnte. Ach deirtear nach bhfuil aon rud mar chreideamh ann gan an t-amhras a bheith ann in a theannta. Ní bhíonn aon tuiscint ann gan ceisteanna a chur. Déanaimid ár roghanna bunaithe ar na ceisteanna a chuirimid agus ár machnamh féin orthu. Creid nó ná creid, sin an rogha a bhíonn ann, pé rud atá i gceist. Go gcabhraímis a chéile. Ní neart go cur le chéile, dar ndóigh. Cad is Dia ann? Tá freagracha go leor ann. Ach cad is duine ann? Ní hansa sin. An té a dhéanann roghanna.

Glacaimid le fianaise agus modh na heolaíochta aon uair gur féidir linn sin a chur i bhfeidhm. Agus mar i gcúirt ar bith, déanaimid socrúithe bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil dúinn. Is leor sin, den chuid is mó. Ach déantar botúin, agus déanaimid ath-smaoineamh ar chúrsaí i gcónaí, chun gach seans a thabhairt don fhírinne. Bíonn sé tábhachtach tuairimí agus machnaimh gach duine dáiríre a phlé agus aighneas a dhéanamh lena chéile chun teacht chomh dlúth leis an bhfírinne agus is féidir linn.



Ar scáth a chéile a mhairimid. Cosúil lenár gcreidiúint sna droichid, bíonn sé sásúil dúinn nuair a chreideann na daoine timpeall orainn an rud céanna agus a chreidimidne. Ní leor sin, dar ndóigh, mar is iomaí bréag a insíonn an mórán. Ba mhaith le mórán daoine “fírinne” a chruthú a oirfeadh dóibh féin. Cuirtear an “comh” in ionad an “tuiscint,” seachas le chéile leis. Tá sé níos deacra ná riamh fíor-chomhthuiscint a chothú na laethanta seo, agus sin an fáth is mó go mbímid trína chéile, b’fhéidir. Ach má bhíonn dóchas againn, bímid réasúnta sásta. Agus gan réasún ar bith, má bhíonn an grá eadrainn, bímid níos sásta fós. Scríobh Naomh Pól rud maith dúinn go léir nuair a scríobh sé go bhfuil “trí nithe ann atá buan, más ea, creideamh dóchas agus grá, ach is é an grá an ní is mó orthusan.” Sin as a chéad litir chuig na Corantaigh. Maith an rud é nach as an litir chuig na hEabhraigh, mar ní cheaptar gur scríobh Naomh Pól sin...

Pléitear an stair san eagrán seo, agus an ceol. Insítear scéalta agus nochtar smaointe doimhne. Tugtar fianaise ón aimsir anallód. Agus snaidhmtear an uile ghné seo dár saol le chéile trí mheán na Gaeilge. Tá sé sin an-sásúil domsa. Ceist a chuirtear go minic ná an bhfuil an Ghaeilge beo? Bhuel, déan do rogha. Nó an amhlaidh go ndearna tú? Maith thú, mar sin!

